

FÉILE MÁRTAIN

Bhí nós ag daoine muc nó caora a mharbhú do Mhártan, Naomh Mártan, nó coileach nó gé. An oidhche roimh Fhéile Mártan a marbhúigh an chaora nó an mhuc. "Glacfaidh sé roimhe é ach ní ghlacfaidh sé ina dhiaidh é"---- níor mhór an fhuil a leigean roimh lá na féile.

Micheál Bhailís agus Micheál Breathnach i n-éinfheacht

Mám 27/12/33